

An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2021


AG MAIREACHTÁIL  
I GCRÍOST

Aros yng Nghrist / Abiding in Christ

18-25 Mí Eanáir

[www.ctbi.org.uk/weekofprayer](http://www.ctbi.org.uk/weekofprayer)





Fuinneoga daite sa séipéal ag Cuallacht Grandchamp

Tá folláine spioradálta chomh tábhachtach céanna le folláine chorpartha. Ní beag an chonstaic atá rompu araon le bliain anuas, agus de dheasca na paindéime COVID-19, is gá dúinn a bheith an-chúramach ó thaobh na sláinte de. Is gá réamhchúraimí a dhéanamh, mar shampla, na lámha a ní, clúdach aghaidhe a chaitheamh agus bheith ag cloí leis an scaradh sóisialta. Tháinig tinneas ar chuid againn agus cailleadh daoine muinteartha dúinn. Cuireadh isteach go mór ar an saol oibre, béigean do theaghlaigh fanacht amach óna chéile, agus luigh sé sin go trom ar go leor daoine. Mar thoradh, is dócha go bhfuilimid ar fad níos inníche faoin tsláinte agus níos airdeallai ar a leochailí atáimid. Ag an am céanna, tá na foirgnimh eaglasta druidte agus tá an t-adhradh á dhéanamh ar líne ó shin i leith. Tá srianta móra ar dheiseanna adhartha agus guíodóireachta. Gach seans go mothaímid gearrtha amach ó Dhia agus ónár gcomharsa.

Mar thoradh ar an tréimhse faoi dhianghlas atá caite againn, táimid ag seasamh siar agus ag déanamh machnaimh ar ár gcuid tosaíochtaí agus ar na nithe agus na daoine atá tábhachtach dúinn agus a dhéanann maitheas mór dúinn. Mar shampla, smaoinimid ar na tréimhsí fada ar shiúl ó theaghlaigh agus ó chairde, gan bheith in ann béile a chaitheamh le chéile nó breithlá nó pósadh a cheiliúradh le chéile.

Cad é an rud is tábhachtaí dúinn ó thaobh na spioradáltachta de? Ó cuireadh stad nach beag leis an saol eaglasta den chéad uair riamh, cad is brí anois le bheith páirteach san aon Eaglais, i gcorp Chríost, nuair nach bhfeicimid ár ndeirfiúra agus ár ndeartháireacha ach amháin ar scáileán an ríomhaire?

---

Nuair a d'iarr Comhairle Dhomhanda na nEaglaisí agus an Chomhairle Phontaifiúil le hAontacht Chríostaí ar shiúracha Chuallacht Grandchamp san Eilvéis an t-ábhar don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí in 2021 a ullmhú, ní fhéadfaidís an phaindéim ná a tionchar a thuar. Mar sin féin, tá rud an-luachmhar á chur ar fáil ag Siúracha Grandchamp dúinn: an fhaill dul i mbun cineál urnaí atá idir an-ársa agus thráthúil san aois ina bhfuilimid chomh maith. Trí rithim ársa na hurnaí, atá le fáil in go leor rialta agus sna traidisiúin a bhaineann leo, teagasctar dúinn go nguimid ní hamháin linn féin agus leo siúd atá sa spás céanna linn ach in éineacht leis an Eaglais ar fad, le corp Chríost, ar son Críostaithe in áiteanna eile agus in aoiseanna eile.

D'fhéadfadh sé gur beannacht í an rithim urnaí seo, a bhfuil foirm thraidisiúnta dá cuid féin le fáil inti den struchtúr, den iomann, den salm agus – an rud ba thábhachtaí, b'fhéidir – den chiúnas, agus gur beannacht ón Eaglais ársa í ar Eaglais an lae inniu agus í ag streachailt le paindéimeanna agus le dianghlasáil, agus leis na dúshláin thromchúiseacha romhainn ar an saol seo, go háirithe an t-athrú aeráide, an ciníochas agus an bhochtaineacht. Cuireann nós seo na hurnaí agus na spioradáltachta cuireadh orainn a bheith ag guí in éineacht lena chéile agus a bheith sa chiúnas le chéile, in aineoinn a ngortaíonn agus a ndeighleann muid. Tabhartas an-luachmhar sa saol corrach seo, go deimhin. Bí linn don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí agus bí páirteach i láthair an mhuintearais agus na beannachta. Níl le déanamh agat ach a “bheith” san áit seo, agus tógfar thú san urnaí agus san fhírinne gurb é Dia, i gCríost agus tríd an Spiorad Naoimh, a iompraíonn muid agus a bhíonn in éineacht linn i gcónaí.

*Bob Fyffe, Ard-Rúnaí, Eaglaisí le Chéile, An Bhreatain Mhór agus Éire*





Tá an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2021 ullmhaithe ag Comhthionól Manachúil Grandchamp san Eilvéis. An téama a roghnaíodh, “Fanaigí i mo ghrá agus tabharfaidh sibh toradh mór uaibh”, is ar Eoin 15:1-17 atá sé bunaithe agus léiríonn sé dúthracht Chuallacht Grandchamp i leith na hurnaí, an athmhuintearais agus na haontachta, san Eaglais agus sa teaghlach daonna.

Is san Eoraip sna 1930í a bunaíodh Cuallacht Grandchamp, nuair a d’fhéach grúpa ban den traidisiún leasaithe le heolas a chur an athuair ar an tábhacht a bhaineann le ciúnas agus le bheith ag éisteacht le Briathar Dé. Inniu tá caoga siúr sa chuallacht, mná ar fad as glúine éagsúla, as traidisiúin Eaglaisí éagsúla, as tíortha éagsúla agus as ilchríocha éagsúla. San éagsúlacht seo acu, tá na siúracha mar pharabal beo na comaoine. Tá siad dílis don saol san urnaí, do shaol an chomhthionóil agus do na cuairteoirí a gcuireann siad fáilte rompu ann. Roinneann na siúracha grásta a saoil mhanachúil le cuairteoirí agus

le deonaigh a théann go Grandchamp don tearmann, don chiúnas, don slánú nó chun brí a lorg.



Trí ábhar a chur ar fáil don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2021, iarrann na siúracha ar eaglaisí ar fud an domhain teacht isteach i

---

dtraidisiún na hurnaí  
agus an chiúnais acu,  
rudaí atá fadbhunaithe  
i dtraidisiúin ársa na  
hEaglaise uilíche.




Dúirt Íosa leis na  
deisceabail, “fanaigí i mo  
ghrá” (Eoin 15:9). Fanann

sé i ngrá an Athar (Eoin 15:10) agus ní mian leis ach an grá sin a roinnt linn: “thug mé cairde oraibh, óir gach a gcuala ó m’Athair, chuir mé in iúl daoibh é” (Eoin 15:15b). É nódaithe san fhíniúin, arb é Íosa féin an fhíniúin, is é Dia an saothraí fíniúna a bharrann muid le go bhfásfaimid. Léiríonn sé seo a bhfuil i gceist san urnaí; is é an tAthair lár ár mbeatha, agus is eisean a láraíonn ár mbeatha. Is eisean a bharrann agus a shlánaíonn muid, agus is iad na daonnaithe slánaithe a thugann glóir don Athair.

Is meon inmheánach é fanacht i gCríost, rud a fhréamhaíonn istigh ionainn de réir a chéile. Teastaíonn spás uaidh le go bhfásfaidh sé. D’fhéadfadh an streachailt le nithe riachtanacha an tsaoil an ceann ab fhéarr a fháil air, agus bagraíonn fiarlaoideacht, callán, gnóthaí agus dúshlán an tsaoil air.

Mairimid i dtréimhse a chuireann idir inní agus iontas orainn, tréimhse ina mbíonn contúirt go minic, agus tréimhse ina dtugann paindéimeanna, cogáí, foréigean, bochtaineacht, ciníochas agus athrú aeráide ár ndúshlán. Mar Chríostaithe atá ar lorg an athmhuintearais, an cheartais agus na síochána, áfach, is amhlaidh is eol dúinn lánluach na beatha spioradálta chomh maith. Tá dualgas as cuimse orainn cur le chéile agus cuidiú lena chéile chun suaimhneas, tearmann síochána agus ionaid bheoga a mhúnlú, áiteanna a nglaoonn ciúnas na ndaoine ar bhriathar cruthaitheach Dé. Ceist báis nó beatha atá ann.





Cé go mairimid i ngrá Chríost, mar Chríostaithe, is amhlaidh a mhairimid chomh maith i ndomhan a ligeann osna agus é ag fanacht go dtí go scaoilfear saor é (cf. Rómhánaigh 8). Tá olcas na fulaingthe agus na coimhlinte le feiceáil againn sa saol mór. I dlúthpháirtíocht leo siúd a bhíonn ag fulaingt, glacaimid le grá Chríost ionainn féin. Tugann glanrún na Cásca toradh uaidh

ionainne nuair a thugaimid grá dár ndeartháireacha agus dár ndeirfiúracha agus nuair a chothaímid dóchas sa domhan.

Tá nasc gan bhriseadh idir an spioradáltacht agus an cur le chéile. Trí bheith ag maireachtáil i gCríost, faighimid an neart agus an eagna cur in éadan na héagóra agus an ansmachta, muid féin a aithint mar dheartháireacha agus deirfiúracha sa chine daonna, agus modh nua maireachtála a chruthú ina mbeidh meas don uile neach i ndlúthchaidreamh a chéile.

An achoimre ar an riail bheatha a bhíonn á rá ag siúracha Grandchamp le chéile gach maidin, tosaíonn sí leis na focail “Bí ag guí agus ag obair go mbeidh Dia i réim.” Ní dhá rud ar leith iad an ghuí agus an saol laethúil, ach rudaí atá in ainm a bheith aontaithe le chéile. Is ionann gach a dtarlaíonn dúinn agus teagmháil ar Dhia.





Leanann adhradh na bliana seo go grinn de spás urnaí na Cuallachta Grandchamp, pobal a leanann an traidisiún Beinidicteach. Sa traidisiún seo comhcheanglaítear trí cinn de na seirbhísí manachúla urnaí – ar a dtugtar ‘bigilí’ uaireanta (agus a bhíonn á rá i rith na hoíche go traidisiúnta) – mar sheirbhís amháin um thráthnóna. Ar an tslí chéanna, leagtar amach ár seirbhís don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí ina trí chuid, ar a dtugtar ‘bigilí’, agus a leanann patrún a úsáideann an Chuallacht Grandchamp.


Is é an patrún céanna a bhaineann le gach bigil: sleachta as an scríoptúr a léitear; freagra a chantar; tréimhse thostach; agus idirghuionna. Tá gníomh ag gach bigil a léiríonn an téama a bhaineann léi; tá achoimre orthu sin thíos. Cantar Solas Dé (Lumière de Dieu), píosa a chum ball den Chuallacht Grandchamp, mar chríoch ar gach bigil. Tá ceol an amhráin seo le fáil sna hacmhainní breise ar shuíomh idirlín an CTBI, ach d’fhéadfaí píosaí oiriúnacha eile a úsáid dá m’fhearr sin, mar shampla cantaireacht eaglasta na cuallachta Taizé.

**An chéad bhigil** a dhíríonn ar aontacht an duine iomláin agus ar mhaireachtáil dúinn i gCríost. Iarrtar ar rannpháirtithe fanacht ina dtost ar feadh cúig nóiméad, agus tarlaíonn sé seo arís roinnt uaireanta i rith an cheiliúrtha.

**An dara bigil** a chuireann in iúl an mhian chun aontacht infheicthe na gCríostaithe a athnuachan. Daingnithe i ngrá Chríost, féachaimid ar aghaidh a chéile agus roinnimid lena chéile comhartha a shíochána.

---

**An tríú bhigil** a léiríonn dúinn aontacht gach duine agus gach neach le chéile. Is téacs le Dorotheus Ghaza a spreag an gníomh sa bhigil seo (féach an réamhrá). Cuirtear roinnt daoine thart ar chiorcal agus siúlann siad i dtreo an láir. Dá chónagaraí i dtreo Dé – an lár – a bhogaimid, is ea is cóngaraí dá chéile a bhogaimid.



Tá go leor bealaí ann le cóiréagrafaíocht an ghnímh seo a dhéanamh, ag brath ar an spás atá á úsáid agus ar thraidisiúin na ndaoine atá ag glacadh páirte. D'fhéadfaí leas a bhaint as seo thíos mar threoir:

- Caithfear coinneal neamhlasta a bheith ag gach duine sa chomhthionól.
- D'fhéadfaí gur mhian leis an lucht eagraithe an comhthionól a leagan amach “sa lántimpeall” agus na pasáistí bheith leagtha amach go radúil chun sin a éascú.
- Úsáidtear coinneal mhór ardaithe lasta (coinneal na Cásca, mar shampla, mar atá i gcuid mhaith traidisiúin) mar phointe lárnach sa chiorcal.
- Agus an choinneal sa lár, seasann idir seisear agus ochtar ó thraidisiúin éagsúla Chríostaí timpeall i gchiorcal a d'fhéadfaí a imlíniú ar an talamh, nó a mhúnlú trí lártimpeall an chomhthionóil féin bheith ann.
- Bíonn coinneal bheag neamhlasta ag gach duine díobh seo, agus í sin ardaithe go bhfeice gach duine í.
- Nuair a léitear an sliocht a théann leis an ghníomh (féach lch 17), siúlann gach duine céim ar chéim le chéile i dtreo an láir.
- Agus an lár bainte amach, lasann siad a gcoinneal neamhlasta agus téann siad ar ais i measc an chomhthionóil. Lastar coinneal gach duine ansin.
- Cantar *Lumière de Dieu* (*Solas Dé*) agus na coinnle á lasadh.




- 
- Coinnítear na coinnle lasta go dtí an Scaipeadh. I roinnt áiteanna, dá mba chúig agus dá mb'fhéidir, d'fhéadfadh an comhthionól siúl ón ionad adhartha amach go dtí an domhan mór agus na coinnle lasta.



Is féidir an liodán ag an tús a léamh nó a chanadh, agus más féidir, beirt éagsúil á rá le chéile. Léitear nó cantar na sailm chomh maith, nó d'fhéadfaí iomann a bhaineann le téama na bigile a roghnú ina n-ionad sin. Is féidir freagraí na n-idirghuionna a léamh nó a chanadh, nó leas a bhaint as cinn eile ina n-áit. Is féidir fad a chur leis na hidirghuionna le haghaidh urnaí shaor.

Is féidir na hiomann a fháil agus a chloisteáil ar shuíomh idirlín Chuallacht Grandchamp: [www.grandchamp.org](http://www.grandchamp.org).

Is féidir, freisin, éisteacht lena n-urnaí choiteann gach lá ar líne ag: [www.grandchamp.org/prier-avec-nous](http://www.grandchamp.org/prier-avec-nous).



# LÁ 1

*“Ní sibhse a rinne mise a thoghadh, ach mise a rinne sibhse a thoghadh”*

**(Eoin 15:16a)**

Geineasas 12:1-4    Glaoch Abrahám

Eoin 1:35-51        Na chéad deisceabail á nglaoch

## MACHNAMH

Ag tús an aistir teagmhaíonn Dia agus duine daonna lena chéile – an Cruthaitheoir agus ar cruthaíodh, an tsíoraíocht agus an t-am.

Chuala Abrahám an glaoch: “Imigh chun na tíre a thaispeánfaidh mé duit.” Glaoitear orainne, mar a glaoth ar Abrahám, imeacht ón áit mhuinteartha go dtí an áit atá ullmhaithe ag Dia i ndomhain ár gcroí. Ar an tslí, de réir a chéile, tagaimid isteach ionainn féin níos mó agus níos mó, de réir mar is mian le Dia ó thús. Ar fhreagairt dúinn an glaoch a thugtar orainn, is mar bheannacht a bhímid dár muintir, dár gcomharsana agus don saol mór.

Cuardaíonn grá Dé muid. D'éirigh Dia ina dhuine daonna trí Íosa, a dteagmhaímid le radharc Dé

ann. Inár saol, mar atá i Soiscéal Eoin, tá gairm Dé le cloisteáil ar bhealaí éagsúla. Corraithe ag a ghrá, cuirimid chun bóthair. San eachtra seo, siúlaimid bealach an chlaochlaithe – tús lonrach ar chaidreamh grá a thosaítear as an nua i gcónaí.

Lá amháin thuig tú, i ngan fhios duit, gur cuireadh inscríbhinn dheimhneach ionat cheana. Agus mar sin, bheartaigh tú dul ar aghaidh agus lorg Chríost a leanúint...

Sa chiúnas i láthair Chríost, chuala tú é ag rá, “Tar, lean mé agus tabharfaidh mé suaimhneas do chroí duit.”

[Aistrithe go Gaeilge ó *The Sources of Taizé* (2000) lch 52]

# GLAOCH Ó DHIA

## PAIDIR

A Íosa Críost,  
cuardaíonn tú muid, is mian leat do  
chairdeas a roinnt linn  
agus muid a dhíriú i dtreo saol  
níos iomláine.  
Cuir ionainn an misneach chun do  
ghlaoch a fhreagairt  
le go gclaochlófar muid  
inár bhfinithe ar do ghrámhaireacht  
don domhan.

## CEISTEANNA

- Ar mhothaigh tú riamh go raibh Dia ag iarraidh ort, nó ar dhuine

aitheantais, aistear nua a thosú sa saol – bíodh sé ina aistear chuig áit éigin eile, nó ina athrú treo ar shlí éigin eile? Cén tslí ar fhreagair tú?

- Cé na hathruithe a d'fhéadfadh an eaglais nó grúpa eaglaisí a dhéanamh chun muintir Dé a chumasú cloí ar bhealach ní ba dhílse leis an tslí atá leagtha amach ag Dia, nó treoir Dé a aithint ní ba shoiléire?
- Cé na scéalta atá ag na baill 'nua' i do phobal, cé acu a chuaigh siad thar theorainn contae nó thar ilchríocha lena bhaint amach?

## IMIGH AGUS DÉAN

(féach [www.ctbi.org.uk/goanddo](http://www.ctbi.org.uk/goanddo))

**Domhanda:** Cuir eolas ar shaincheisteanna agus ar fheachtais na dteifeach agus an tearmainn timpeall an domhain agus déan gníomh ina leith.

**Áitiúil:** Glac páirt i bhfáilte ar bith i do cheantar féin atá á cur roimh theifigh nach raibh de rogha acu ach aistear fada a dhéanamh ar lorg tearmainn in áiteanna coimhthíocha timpeall an domhain.

**Pearsanta:** Caith roinnt ama ag iniúchadh ar a bhfuil tú aineolach i dtraidisiún eile Críostaí, rudaí a d'fhéadfadh tuiscint agus aontacht ní b'fhéarr a léiriú duit.

# LÁ 2

*“Fanaigí ionamsa, agus mise ionaibh”*

(Eoin 15:4a)

Eifisigh 3:14-21

Go gcónóidh Críost inár gcroí

Lúcás 2:41-52

Thaiscigh Muire go dílis na nithe seo uile ina croí

## MACHNAMH

Cuireann an cruinniú le hÍosa fonn orainne fanacht ann agus maireachtáil ann: tréimhse ina dtagann torthaí chun aibíochta.

Agus é ina dhuine daonna go hiomlán, cosúil linne, d’fhás agus d’aibigh Íosa. Chaith sé saol simplí, é fadbhunaithe i ngnásanna a chreidimh Ghiúdaigh. Sa saol faoi cheilt seo i Nazarat, áit nár tharla aon rud sonraíoch de réir dealraimh, spreag agus chothaigh láithreach an Athar é.

Rinne Muire machnamh ar ghníomhartha Dé ina saol féin agus i saol a mic. Thaiscigh sí go dílis na nithe seo uile ina croí. Mar sin, beagán ar bheagán, ghlac sí le glanrún Íosa.

Tá tréimhse fhada aibíochta de dhíth orainne, chomh maith – saol iomlán – le doimhneacht ghrá Chríost a fhiosrú, le ligean dó fanacht ionainn agus le go bhfanaimid ann féin. I ngan fhios dúinn, tá Críost beo inár gcroí ag an Spiorad. Is tríd an urnaí, trí bheith ag éisteacht leis an bhriathar, trí bheith ag roinnt lena chéile agus trinár dtuiscint a chur i bhfeidm, a neartaítear go smior muid.

“Ar ligean dúinn do Chríost tuirlingt go croí ionainn ... Rachaidh sé isteach san intinn agus sa chroí, rachaidh sé ó chraiceann go dtí an áit is sia isteach, go mothóimid doimhneacht na trócaire lá éigin.”

[Aistrithe go Gaeilge as *The Sources of Taizé* (2000) lch 134]

# TEACHT IN AIBÍOCHT TAOBH ISTIGH



## PAIDIR

A Spioraid Naoimh,  
Go bhfaighimid fianaise Chríost  
inár gcroí,  
agus go dtaiscimid é mar rún an ghrá.  
Spreag an urnaí dúinn,  
soilsigh léamh an Scrioptúir dúinn,  
gníomhaigh trínne,  
ionas go bhfásfaidh torthaí  
do thíolachtaí ionainn go  
foighneach.

## CEISTEANNA

- Is beag eolas atá sa Bhíobla ar óige agus luath-aosacht Íosa agus é ag caitheamh gnáthshaoil i Nazarat. Cé na bealaí a thugann le fios duitse go bhfuil Dia ann leat i ngnéithe an tsaoil laethúil?
- I d'eaglais nó i do ghrúpa eaglaisí cén dóigh a spreagann tú na páistí agus na daoine óga siúl in éineacht le Dia sa saol laethúil, agus cén dóigh a bhféadfá sin a fheabhsú?
- Cén chuma atá ar an 'láithreach le chéile' atá ag na heaglaisí i do cheantarsa?

## IMIGH AGUS DÉAN

(féach [www.ctbi.org.uk/goanddo](http://www.ctbi.org.uk/goanddo))

**Domhanda:** Mar chreidmhigh, smaoinígí ar na dóigheanna a bhféadfaí bheith ag obair lena chéile i dtreo lá ina mbeidh saol lán fliúrseach ag gach duine.

**Áitiúil:** Déan machnamh ar na bealaí a bhféadfaí spásanna ní ba chairdiúla a dhéanamh de na heaglaisí i do cheantar le haghaidh páistí.

**Pearsanta:** Guigh ar na páistí a bhfuil aithne agat orthu agus tabhair buíochas dóibh.

---

## Dátaí

Is iad na dátaí a bhaineann leis an tSeachtain Ghuí don Aontacht Chríostaí de ghnáth ná an 18 Eanáir go dtí an 25 Eanáir (ochtach Naomh Peadar agus Naomh Pól). Roghnaíonn grúpaí eile amanta eile sa bhliain áfach, timpeall na Cincise go mórmhór, ar dáta tábhachtach é d'aontacht na heaglaise. Déanaigí bhur gcinneadh féin maidir leis seo, ag brath ar cad a oireann go háitiúil. Chuige sin a bhaintear leas as córas an 1-8 seachas dátaí ar leith a roghnú. Faoi mar atá, beidh sé ar chumas gach grúpa an t-ábhar a úsáid pé lá is mian leo féin é.

## Ordú Seirbhíse

Is féidir an t-ordú seirbhíse a fhaightear i lár an phaimfléid a tharraingt amach agus a chóipeáil más gá. Is féidir ina theannta sin gach acmhainn a íoslódáil ó shuíomh idirlín an CTBI, agus míle fáilte romhaibh bhur gcuid féin a dhéanamh díbh d'fhonn úsáid áitiúil a bhaint astu. Tugaigí aitheantas le bhur dtoil do Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire, an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí, a sholáthair an t-ábhar.

## Balla na hAontachta Críostaí

Bheimis buíoch dá gcuirfeadh sibh chugainn sonraí agus grianghraif bhur gcuid imeachtaí, maille le paidreacha agus teachtaireachtaí aontachta ar “bhalla” na haontachta Críostaí de chuid [www.weekofprayer.org](http://www.weekofprayer.org) trína bheith ag tvuíteáil chuig an haischlib #wpcuwall. Beidh na póstálacha le feiscint go huathoibríoch (tar éis cúpla nóiméad nó mar sin).

## Sonraí na n-íomhánna

Ár mbuíochas le Cuallacht Grandchamp as cead a thabhairt dúinn a gcuid grianghraf a úsáid ([www.grandchamp.org](http://www.grandchamp.org)).

# An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2021

## CEILIÚRADH ÉACÚIMÉINEACH

Fanaigí i mo ghrá agus tabharfaidh sibh toradh mór uaibh  
(*cf. Eoin 15:5-9*)



Fuinneoga daite sa séipéal ag Cuallacht Grandchamp

© Ard-Rúnaí, Eaglaisí le Chéile, An Bhreatain Mhór agus Éire

# Cuireadh chun urnaí

## Iomann Iontrála

*Cantar iomann a ghlaonn ar an Spiorad Naomh (le roghnú go logánta)*

## Fáilte

Treoraí Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naomh libh go léir i gcónaí!

Comhthionól **Agus leat féin.**

Léitheoir 1 *A dheartháireacha agus a dheirfiúracha i gCríost, an téama don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí i mbliana, roghnaithe ag deirfiúracha Chuallacht Grandchamp san Eilvéis, ná: “Fanaigí i mo ghrá agus tabharfaidh sibh toradh mór uaihbh”.*

Léitheoir 2 Is é mórmhian Dé, léirithe ag Íosa, go dtagaimid chuige agus go mairimid ann. Fanann sé linn gan stad gan staonadh, agus súil aige go dtabharfaimid toradh mór uainn a chuirfidh beocht i ngach ní, agus muid aontaithe leis i ngrá. Agus ár ndifríochtaí os ár gcomhair, bíonn an baol ann go ndruidfaimid isteach ionainn féin agus nach bhfeicfimid ach na gnéithe a dhealaíonn daoine ó chéile. Éistimid le Críost ag gairm orainn fanacht ina ghrá agus toradh mór a thabhairt uainn dá bharr.

Léitheoir 1 Sna trí mhóimint urnaí a leanas, cuimhnímid gairm Chríost, téimid i muinín a ghrá, é ar ceartlár ár mbeatha é. Óir tosaíonn conair na haontachta lenár ndlúthchaidreamh le Dia. Trí mhaireachtáil i ngrá Dé, neartaítear an mhian le haontacht



agus athmhuintearas a lorg. Osclaíonn Dia muid i leith na ndaoine úd atá éagsúil linn. Is toradh tábhachtach é seo, tíolacadh an chneasaíthe ar na deighiltí ionainn féin, eadrainn féin, agus sa saol mór.

Treoraí

Faoi shíocháin guímis chun an Tiarna:

A Thiarna, is tú saothróir na finiúna a amharcann inár ndiaidh le grá.

Glaonn tú orainn an bhreáthacht a fheiceáil i ngach géag na finiúna,

breáthacht gach duine.

Ach fós féin, is rímhinic a chuireann difríochtaí daoine eile eagla orainn.

Druidimid isteach ionainn féin.

Tréigtear ár muinín ionat.

Éiríonn faltanas eadrainn.

Go dtreoraí tú ár gcroí i do threo arís eile.

Go dtuga tú dúinn saol i do mhaithiúnas

ionas go mbeimid le chéile agus go molfaimid d'ainm.

## Liodán an mholta

Comhthionól **Tusa a ghlaonn orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh: glóir duit!**

Léitheoir 1 Tugaimid ardmholadh duit i lár an talaimh agus i measc gach duine,

Léitheoir 2 Tugaimid ardmholadh duit i lár an domhain mhóir agus i measc gach neach.

Comhthionól **Tusa a ghlaonn orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh: glóir duit!**

- Léitheoir 1 Tugaimid ardmholadh duit le linn na fulaingne agus na ndeor,  
Léitheoir 2 Tugaimid ardmholadh duit le linn na ndóchas agus  
na n-éachtaí.
- Comhthionól **Tusa a ghlaonn orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh:  
glóir duit!**
- Léitheoir 1 Tugaimid ardmholadh duit sna háiteanna a bhfuil coimhlint  
agus míthuiscint;  
Léitheoir 2 Tugaimid ardmholadh duit sna háiteanna a bhfuil achrann  
agus athmhuintearas.
- Comhthionól **Tusa a ghlaonn orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh:  
glóir duit!**
- Léitheoir 1 Tugaimid ardmholadh duit le linn an aighnis agus  
na ndeighiltí,  
Léitheoir 2 Tugaimid ardmholadh duit le linn na beatha agus an bháis,  
saolú neamh nua agus domhan nua.
- Comhthionól **Tusa a ghlaonn orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh:  
glóir duit!**

## **An Chéad Bhigil | Ag fanacht i gCríost: Aontacht an duine iomláin**

- Salm:** 103  
**Sliocht:** Eoin 15:1-17  
**Freagra:** Ubi caritas  
**Tréimhse chiúin:** (timpeall 1 nóiméad)

## Idirghuionna

Léitheoir A Dhia an ghrá, trí Chríost a dúirt tú linn: “Ní sibhse a rinne mise a thoghadh, ach mise a rinne sibhse a thoghadh.”  
Cuardaíonn tú muid, tugann tú cuireadh dúinn glacadh le do chairdeas agus fanacht ann. Múin dúinn an cuireadh seo a fhreagairt go fonnmhar, agus bheith ag fás i saol á níos iomláine.

Comhthionól **I nDia atá áthas ár gcroí.**

Léitheoir A Dhia na beatha, glaonn tú orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh agus fáilte a chur roimh a chéile mar thíolacadh do ghrásta. Do radharc grámhar, a bhíonn ar gach duine, go spreaga sé muid glacadh lena chéile go díreach mar atáimid.

Comhthionól **I nDia atá áthas ár gcroí.**

Léitheoir A Dhia, is tusa a bhailíonn agus a fhíonn le chéile muid mar fhiniúin amháin i do Mhac, Íosa. Go maire do Spiorad ceantúil ionainn ag cruinnuithe áitiúla eaglaise agus pobail agus ag tionóil éacúiméineacha. Go gceadaí tú dúinn ceiliúradh a dhéanamh ort le chéile go lúcháireach.

Comhthionól **I nDia atá áthas ár gcroí.**

Léitheoir A Dhia an aon-fhíonghoirt, glaonn tú orainn fanacht i do ghrá trí gach rud a dhéanaimid agus gach rud a deirimid. Agus muid spreagtha ag do mhaitheas, go léirímid an grá sin sa bhaile agus san áit oibre. Go ndruidimid an bhearna idir muid agus ár gcoimhlintí, agus go sáraímid aon teannas.

Comhthionól **I nDia atá áthas ár gcroí.**

## Gníomh: Tréimhse chiúin

**Léitheoir** Is rímhinic a mheasaimid gur gníomh í an urnaí a dhéanaimid, gur gníomh dár gcuid féin í. Sa seal beag seo tugtar cuireadh dúinn ciúnas inmheánach a chaitheamh, agus gach trup agus gach imní saolta a fhágáil ar leataobh. Sa chiúnas seo is le Dia an gníomh. Go simplí, glaotar orainn fanacht go suaimhneach i ngrá Dé.

**Ciúnas** (timpeall 5 nóiméad)

**Iomann** Lumière de Dieu (Solas Dé)

## An Dara Bigil | Aontacht infheicthe na gCríostaithe

**Salm:** 85

**Sliocht:** 1 Cor 1:10-13a

**Freagra:** Tá Tiarna Amháin, Creideamh Amháin,  
Baisteadh Amháin ann

**Tréimhse chiúin:** (timpeall 1 nóiméad)

## Idirghuionna

**Léitheoir** A Spioraid Naoimh, is tú a chruthaíonn agus a athchruthaíonn an eaglais i ngach áit. Tar agus labhair i gcogar lenár gcroí an phaidir a dúirt Íosa lena Athair ar an oíche roimh a pháis: “ionas go mba aon iad go léir ... i dtreo go gcreidfidh an saol”

**Comhthionól** **Kyrie eleison (A Thiarna déan trócaire)**

Léitheoir A Thiarna Íosa, a Phrionsa na Síochána, las ionainn solas do ghrá ionas go scoirfear den tarcaisne agus míthuiscint san eaglais. Go dtite na ballaí a dheighleann ó chéile muid.

Comhthionól **Kyrie eleison (A Thiarna déan trócaire)**

Léitheoir A Spioraid Naomh, a Shólásaí do gach ní, oscail ár gcroí don mhaithiúnas agus don athmhuintearas agus tarraing ar ais muid ó bheith ag fánaíocht.

Comhthionól **Kyrie eleison (A Thiarna déan trócaire)**

Léitheoir A Thiarna Íosa an chroí chineálta agus umhail, tabhair dúinn bochtaineacht ó spiorad ionas go bhféadaimid fáilte a chur roimh thobainne do ghrása.

Comhthionól **Kyrie eleison (A Thiarna déan trócaire)**

Léitheoir A Spioraid Naomh, ní thréigeann tú na fir, na mná agus na leanaí a ndéantar géarleanúint orthu as a ndílseacht don soiscéal. Go gcuire tú neart agus misneach iontu agus go dtacaí tú leo siúd a thagann i bhfóir orthu.

Comhthionól **Kyrie eleison (A Thiarna déan trócaire)**

## **Gníomh: Comhartha na Síochána a roinnt**

Léitheoir Glaonn an Tiarna orainn bheith aontaithe lena chéile. Tugann sé a shíocháin dúinn agus iarrann sé orainn í a roinnt. Roinnimis comhartha a shíochána lena chéile.

*Castar ar na daoine in aice láimhe agus tugtar comhartha na síochána dá chéile, gníomh a luíonn lena gcomhthéacs áitiúil.*

**Iomann** Lumière de Dieu (Solas Dé)

# An Tríú Bigil | Aontacht gach duine agus gach neach

**Salm:** 96  
**Sliocht:** Apacailipsis 7: 9-12  
**Freagra:** Thusa atá thar gach uile ní  
**Seanmóir roghnach**  
**Tréimhse chiúin** (timpeall 1 nóiméad)

## Idirghuionna

**Léitheoir** A Dhia na beatha, is tú a chruthaigh gach duine daonna ar do dheilbh agus ar do chosúlacht féin. Molaimid go hard thú as na cultúir éagsúla, na léirithe creidimh, na traidisiúin agus na grúpaí eitneacha a bhronn tú orainn. Tabhair dúinn an misneach seasamh i gcónaí in éadan na héagóra agus an fhuatha de bharr cine, aicme, inscne, creidimh, agus eagla roimh dhaoine atá éagsúil linn.

**Comhthionól** **A Dhia na síochána, a Dhia an ghrá, is ionatsa atá ár ndóchas!**

**Léitheoir** A Dhia na trócaire, léirigh tú dúinn i gCríost gur aon muid ionat. Múin dúinn an bua seo a úsáid sa saol mór ionas go bhféadfaidh lucht gach creidimh i ngach áit éisteacht lena chéile agus maireachtáil faoi shíocháin.

**Comhthionól** **A Dhia na síochána, a Dhia an ghrá, is ionatsa atá ár ndóchas!**

**Léitheoir** A Íosa, tháinig tú chun an tsaoil agus bhí tú páirteach go hiomlán sa chine daonna. Tuigeannt tú cruatain an tsaoil dóibh siúd a bhíonn ag fulaingt ar go leor bealaí. Go ngríosaí Spiorad an atrua muid ár gcuid ama, ár mbeatha agus ár gcuid féin a roinnt leosan is mó gá.

Comhthionól **A Dhia na síochána, a Dhia an ghrá, is ionatsa atá ár ndóchas!**

Léitheoir A Spioraid Naoimh, cloiseann tú cuthach do dhomhain chneáite agus gártha na ndaoine atá ag fulaingt cheana féin de bharr an athraithe aeráide. Treoraigh chun iompraíochtaí úra muid. Go bhfoghlaímimid maireachtáil go síochánta mar chuid dár chruthaigh tú.

Comhthionól **A Dhia na síochána, a Dhia an ghrá, is ionatsa atá ár ndóchas!**

## **Gníomh: Ag bogadh i dtreo an láir... agus amach go dtí an saol mór**

*bunaithe ar théacs le Dorotheus Ghaza*

Léitheoir Glaonn Íosa orainn fanacht ann, mar chraobhacha na fíorfhíniúna. Glaonn sé orainn toradh ghrá athmhuintearais agus slánaithe Dé a thabhairt uainn. Glaonn sé orainn tarraingt níos cóngaraí do Dhia agus dá chéile mar a roinnimid an grá seo leis an saol mór.

Samhlaigh ciorcal bheith tarraingthe ar an talamh. Samhlaigh gur léiriú den domhan é an ciorcal seo.

*Seasann na daoine ainmnithe suas i gcorcal thart timpeall ar choinneal sa lár.*

Léitheoir Is é Dia atá i lár an domhain mhóir, a gcastar ár mianta agus ár ndúile go léir le chéile ann.

*Siúltar cúpla céim i dtreo an láir.*

Léitheoir Dá chónaraí do Dhia a bhogaimid, is ea is cóngaraí dá chéile a bhogaimid. Agus dá chónaraí dá chéile atáimid . . .

*Bogtar go dtí an lár le chéile.*

Léitheoir is ea is cóngaraí do Dhia atáimid.

*Nuair a shroicheann na coinnleoirí an lár lasann siad a gcoinneal. Agus gach duine ina s(h)easamh le chéile, guítear go ciúin ar feadh tamaill.*

**Tréimhse chiúin** (*timpeall 1 nóiméad*)

## **Paidir an Tiarna**

Treoraí Leis na focail a theagasc Íosa dúinn, guímis anois le chéile:

Comhthionól **Ár nAthair ...**

**Iomann** Lumière de Dieu (Solas Dé)

*Le linn an iomainn téann na coinnleoirí ar ais go dtí an comhthionól agus roinneann siad leo an solas atá faighte acu.*

Léitheoir Tá nasc gan bhriseadh idir an spioradáltacht agus an dlúthpháirtíocht. Is le chéile a théann an urnaí agus an gníomh. Nuair a fhanaimid i gCríost, faighimid Spiorad an mhisnigh agus na heagna chun gníomhú in aghaidh gach éagóra agus gach ansmachta. Deirimid le chéile:

Comhthionól **Bí ag guí agus ag obair go mbeidh Dia i réim.  
I rith do lae  
go gcuire Briathar Dé anam agus brí san obair  
agus sa scíth.**



**Coinnigh ciúnas inmheánach i ngach rud  
i dtreo go mairfí i gCríost.  
Bíodh spiorad na mBíáide istigh ionat:  
áthas, soineantacht, trócaire.**

*Déanann Siúracha na Cuallachta Grandchamp na focail seo a aithris gach lá.*

## **Beannacht**

Treoraí           Gura aon sibh, i dtreo go gcreidfidh an saol mór! Fanaigí i ngrá Dé, imígí amach sa saol mór agus tugaigí torthaí an ghrá seo uaibh.

Comhthionól   **Go líona Dia an dóchais muid le gach áthas agus le gach síocháin sa chreideamh le go mbeidh raidhse den dóchas againn trí chumhacht an Spioraid Naoimh. In ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.**

## **Iomann deireanach**

*(le roghnú go logánta)*

Is as An Bíobla Naofa a thógtar na hathfhriotal scríoptúir anseo istigh, cóipcheart © 1981, arna fhoilsiú ag An Sagart, agus is de chaoinead a úsáidtear iad. Gach ceart ar cosaint.





# LÁ 3

*“Tugaigí grá dá chéile faoi mar a thug mise grá daoibhse” (John 15:12b)*

Colosaigh 3:12-17      Cuirigí umaibh trua croí

Eoin 13:1-15; 34-35      Tugaigí grá dá chéile

## MACHNAMH

Ar an oíche roimh a bhás, chuaigh Íosa ar a ghlúine chun cosa a ndeisceabal a ní. Thuig sé an deacracht a bhaineann le bheith ag maireachtáil lena chéile agus an tábhacht a bhaineann le maithiúnas agus le comhsheirbhís. “Mura ndéanfaidh mé thú a ní,” a dúirt sé le Peadar, “ní bheidh aon chuid agat díom.”

Ghlac Peadar le hÍosa ag a chosa; níodh é agus spreag umhlaíocht agus modhúlacht Chríost é. Leanfadh sé eiseamláir Íosa ar ball trí bheith faoi réir chuallacht na gcreidmheach sa luatheaglais.

Is mian le hÍosa go rachfadh an bheatha agus an grá trínne mar a bheadh sú ag dul trí fhíniúin, ionas go ndéanfadh na cuallachta Críostaí corp aonta. Ach inniu, mar ab ea roimhe, ní furasta bheith ag maireachtáil lena chéile. Is minic a bhíonn orainn tabhairt faoinár lochtanna féin. In amanna ní éiríonn

linn grá a thabhairt dóibh siúd atá cóngarach dúinn i bpobal, i bparóiste nó i dteaghlach. Uaireanta, cliseann ar ár gcaidrimh go hiomlán, fiú.

I gCríost tugtar cuireadh dúinn bheith cumhdaithe i gcomhbhá, trí thúis nua gan áireamh. Nuair a aithnímid grá Dé á thabhairt dúinn, gríosáítear muid fáilte a chur roimh a chéile, ár láidreachtaí agus ár laigí san áireamh. Is ansin a bhíonn Críost inár measc.

“Gan aon rud, nach mór, an cruthaitheoir athmhuintearais thú i gcomaoin sin an ghrá, arb í corp Chríost í, a Eaglais féin? Agus teacht aniar ionat as fuinneamh comhroinnte, gairdigh! Ní i d’aonar atá tú a thuilleadh, tá tú ag teacht chun cinn i ngach rud in éineacht le do dheartháireacha agus do dheirfiúracha. In éineacht leosan, glaoitear ort maireachtáil de réir pharabal an phobail.”

[Aistrithe go Gaeilge as *The Sources of Taizé* (2000) lgh 48-49]

# CORP AONTA A MHÚNLÚ

## PAIDIR

A Dhia, ár nAthair,  
nochtann tú do ghrá dúinn  
trí Chríost  
agus trínár ndeartháireacha  
agus deirfiúracha.  
Oscail ár gcroí le gur féidir linn fáilte  
a chur roimh a chéile  
agus roimh ár ndifríochtaí agus go  
mairfimid faoi mhaithiúnas.  
Ceachaigh go mairfimid le chéile mar  
chorp aonta,  
ionas go dtiocfadh gach tíolacadh,  
arb é sin gach duine, chun solais.  
Go raibhimid go léir mar ionadaí  
do Chríost.

## CEISTEANNA

- An féidir leat smaoineamh ar dhuine i do shaol féin a déarfá atá “cumhdaithe i gcomhbhá”? An féidir leat cuimhneamh ar uair ar bith a léiríodh comhbhá nó daonnacht duit féin?
- Cén dóigh a gcaithfeadh do phobal eaglaise bheith ní ba thruachroíche do bhaill agus do chuariteoirí?
- Cén chuma a bheadh ar an scéal dá mbeadh na heaglaisí i do cheantar ní ba thruachroíche taobh istigh den phobal? Cén áit is mó ar domhan a bhfuil comhbhá ag teastáil inniu?

## IMIGH AGUS DÉAN

(féach [www.ctbi.org.uk/goanddo](http://www.ctbi.org.uk/goanddo))

**Domhanda:** Cén gníomh is féidir linn a dhéanamh mar fhreagairt ar ghá na comhbhá sa saol mór?

**Áitiúil:** Déan do mhachnamh ar mheirge nó cuilt a dhéanamh le chéile mar eaglaisí agus mar phobal i gcoitinne leis na rudaí a shnáithíonn agus a fhíonn le chéile sibh a léiriú.

**Pearsanta:** Déan do mhachnamh ar na héadaí atá agat agus ar na daoine ar bhain a gcuid lámh dóibh. An ndearnadh na héadaí seo i gcoinníollacha maithe oibre le haghaidh pá cóir?

# LÁ 4

*“Ní seirbhísigh a thugaim oraibh feasta ... ach thug mé cairde oraibh”*

**(Eoin 15:15)**

Rómhánaigh 8:26-27 Tagann an Spiorad i gcabhair orainn inár laige

Lúcás 11:1-4 A Thiarna, múin dúinne guí

## MACHNAMH

Is mian go mór le Dia caidreamh a bheith aige linn. Cuardaíonn sé muid mar a chuardaigh sé Ádhamh, ag glaoch air sa ghairdín: “Cá bhfuil tú?” (Gein 3:9)

I gCríost, tháinig Dia le bualadh linn. Chaith Íosa a shaol i mbun urnaí, é aontaithe go dlúth lena Athair, agus rinne sé cairdeas lena dheisceabail agus le gach duine a casadh air. Chuir sé ar an eolas iad faoin rud ba mhuirní dó: an caidreamh grá s’aige lena Athair, arb é ár nAthair féin é. Chan Íosa agus na deisceabail sailm le chéile, iad bunaithe ar shaibhreas a gcreidimh Ghiúdaigh. In amanna eile, d’imigh Íosa leis agus ghuigh sé ina aonair.

D’fhéadfaí bheith ag guí go haonarach nó in éineacht le daoine eile. Is féidir ionadh, gearán, idirghuí, buíochas, nó ciúnas simplí

a léiriú tríd an urnaí. In amanna is mian linn urnaí a rá, ach mothaímid nach féidir sin a dhéanamh.

D’fhéadfaí an bealach a réiteach duit féin ach na focail “múin dom” a rá le hÍosa. Is ionann an fonn urnaí agus an urnaí féin.

Tá tacaíocht le fáil trí theacht le chéile i ngrúpa. Cruthaítear an chomaoin trí iomainn, focail agus ciúnas. Má ghuímid in éineacht le Críostaithe ó chreidimh eile, d’fhéadfaí ionadh bheith orainn go mothaímid ceangal cairdis eadrainn a thagann ón Té atá os cionn gach deighilte. D’fhéadfaí cineálacha éagsúla bheith ann, ach is é an Spiorad céanna a thugann le chéile muid.

“I rialtacht na hurnaí coitinne, tagann grá Íosa chun cinn ionainn i ngan fhios dúinn. Ní thugann an urnaí choiteann díolúine dúinn ón urnaí

# AG URNAÍ LE CHÉILE

phearsanta. Cothaíonn ceann acu an ceann eile. Tógaimis am gach lá lenár ndlúthchaidreamh féin le hÍosa Críost a athnuachan.”

[Aistrithe go Gaeilge ó *The Rule of Taizé in French and English, Society for Promoting Christian Knowledge, Great Britain* lch 19 & 21]

## PAIDIR

A Thiarna Íosa,

Thug tú do lá is do shaol ag gabháil don urnaí,

ag cur go foirfe leis an Athair.

Trí do Spiorad, múin dúinn guí de réir thoil do ghrá.

Go dtaga creidmhigh an domhain mhóir le chéile in idirghuí agus i mbuíochas,

agus go dtaga ríocht do ghrá.

## CEISTEANNA

- Mhair Íosa mar eiseamláir ar cad is “maireachtáil san urnaí” ann. Más í an urnaí bunchloch ár gcaidrimh le Dia, cá mhéad ama agus airde a d’fhéadfá a thabhairt don urnaí phearsanta i do shaol féin?
- Cad é a d’fhoghlaim tú ó bheith ag urnaí in éineacht le Críostaithe eile? Cad é ba mhian le Dia go bhfoghlaimeofá ó ghnásanna agus ó thraidisiúin eile?
- Cén cúram nó riachtanas áirithe i do phobal a bhféadfá féin bheith ag guí lena aghaidh i rith na bliana seo?

## IMIGH AGUS DÉAN

(féach [www.ctbi.org.uk/goanddo](http://www.ctbi.org.uk/goanddo))

**Domhanda:** Domhanda: Gabh ort féin bheith i mbun urnaí i rith Sheal na Guí Éacúiméiní de chuid Chomhairle Dhomhanda na nEaglaisí i mbliana.

**Áitiúil:** Tar le chéile le daoine eile i do phobal chun urnaí a rá le chéile féin, nó ar líne trí Zoom nó a mhacasamhail, nó ar thráth ar leith a bhfuil a fhios agat a bheidh daoine ag teacht le chéile i mbun urnaí.

**Pearsanta:** Déan do mhacnamh ar an tionchar agus an fheidhm a bhíonn ag do chuid guíodóireacha ar do chuid gníomhartha sa saol mór.

# LÁ 5

*“Tá sibhse beartha de bharr an bhriathair...”*

(Eoin 15:3)

Deotranaimí 30:11-20

Tá briathar Dé an-ghar duit

Matha 5:1-12

Is méanar daoibh

## MACHNAMH

Tá briathar Dé an-ghar dúinn. Is beannacht agus gealltanas áthais é. Má osclaímid ár gcroí, labhraíonn Dia linn agus claochlaíonn sé go foighneach dá bhfuil ag fáil bháis ionainn. Baineann sé asainn a gcoisceann fás na fíorbheatha, díreach mar a bharrann an saothróir finiúna an fhíniúin.

Athraítear ár ndearcadh trí mhachnamh a dhéanamh ar théacs bíobalta go rialta, i d’aonar nó i ngrúpa. Guíonn go leor Críostaithe na Bíáide gach lá. Nochtann na Bíáide dúinn áthas atá i bhfolach sna nithe úd atá gan chomhlíonadh, áthas atá os cionn na fulaingthe: is méanar dóibh siúd, atá corraithe ag an Spiorad, nach gcoinníonn siar na deora ach a ligeann dóibh teacht leo chun go bhfaighe siad sólas. Mar a aimsíonn siad an buntobar faoi cheilt taobh istigh iontu féin, fásann iontu an cíocras chun ceartais agus an díocas chun dul i mbun teagmhála le

daoine eile le haghaidh domhan faoi shíocháin.

Glaoithe orainn de shíor ár dtiomantas don saol a athnuachan, trinár smaointe agus trinár gníomhartha. Uaireanta bíonn blaiseadh againn, san am i láthair, den beannacht a chomhlíonfar ag deireadh an tsaoil.

“Bí ag guí agus ag obair go mbeidh Dia i réim.

I rith do lae

Cuireadh Briathar Dé anam san obair agus sa scíth.

Coinnigh ciúnas inmheánach i ngach rud

Le maireachtáil i gCríost.

Bíodh meon na mBíáide istigh ionat: Áthas, soineantacht, trócaire.”

[Déanann *Síuracha Chuallacht Grandchamp* na focail seo a aithris gach lá.]





## PAIDIR

Is méanar duit, a Dhia ár nAthair,  
as tÍolacadh do bhriathair sa  
Scriptúr Naofa.

Is méanar duit as a chumhacht  
chlaochlaitheach.

Cuidigh linn an bheatha a roghnú  
agus treoraigh muid trí do Spiorad,

ionas go mothóimid an t-áthas is  
mian leat go mór a roinnt linn.

## CEISTEANNA

- I do bharúil féin, cad is brí le “Dia bheith i réim” i do shaol? An bhfuil aon rud ann a d’fhéadfá a athrú nó a leasú?
- Dá mairfeadh d’eaglais(i) de réir na mBíáide gach lá, cén tionchar a bheadh aige sin ar na pobail a bhfreastalaíonn na heaglaisí sin orthu?
- Cad is brí le beannacht Dé bheith ort i saol an lae inniu?

## IMIGH AGUS DÉAN

(féach [www.ctbi.org.uk/goanddo](http://www.ctbi.org.uk/goanddo))

**Domhanda:** Faigh tuilleadh eolais ar an tionscnamh Just Scripture agus cuidigh seisiún a reáchtáil leis na heaglaisí i do cheantar féin a cheangal le poba(i)l eile timpeall an domhain.

**Áitiúil:** Cén gníomh cineálta a d’fhéadfadh na heaglaisí i do cheantar a dhéanamh in éineacht lena chéile chun bheith mar thabhartas aontaithe sa phobal i gcoitinne?

**Pearsanta:** Léigh na Bíáide go mall (Matha 5: 3-11). Cé acu gníomh a léirítear sa sliocht a spreagtar thú a dhéanamh inniu?

# LÁ 6

*“Imígí agus tugaigí toradh, toradh a mhairfidh”*  
**(Eoin 15:16b)**

Geineasas 18:1-5 Óstálann Abrahám na haingil ag Dair Mhamrae

Marcas 6:30-44 Trua Íosa do na sluaite

## MACHNAMH

Nuair a cheadaímid dúinn féin bheith athraithe ag Críost, fásann a ghrá ionainn agus tugann sé toradh. Slí nithiúil chun an grá atá ionainn a roinnt is ea fáilte a chur roimh a chéile.

I rith a shaoil, chuir Íosa fáilte roimh na daoine ar bhuail sé leo. D'éist sé leo agus cheadaigh sé dóibh baint dó gan eagla bheith air roimh a gcuid trioblóidí.

I gcuntas an tsoiscéil faoi iolrú na mbuilíní, glacann Íosa trua don slua ocrach. Tuigeann sé gur gá an duine iomlán a chothú, agus gur féidir leisean amháin an t-ocras chun aráin agus an tart chun beatha a shásamh mar is cóir. Mar sin féin ní mian leis é seo a dhéanamh gan a dheisceabail, gan an rud beag sin a d'fhéadfaidís a thabhairt dó: cúig bhuilín agus dhá iasc.

Fiú sa lá atá inniu ann bíonn sé ár dtarraingt bheith inár gcomhoibrithe faoina chúram gan choinníoll. In

amanna is leor spléachadh cineálta, cluas éisteachta, nó muid féin bheith i láthair, chun fearadh na fáilte a chur roimh dhuine. Nuair a chuirimid ár gcuid drochábaltachtaí ar fáil d'Íosa, úsáideann sé ar bhealach iontach iad.

Faighimid taithí ansin ar an rud a rinne Abrahám, mar is trí bheith ag tabhairt is ea a thugtar dúinn, agus nuair a chuirimid fáilte roimh dhaoine eile, beannaítear le flúirse muid.

“Is é Críost féin a gcuirimid fáilte roimhe nuair a chuirimid fáilte roimh chuaríteoir.”

[Aistrithe go Gaeilge ó The rule of Taizé in French and English (2012) lch 103]

“Na daoine a gcuirimid fáilte rompu lá i ndiaidh lae, an bhfaighidh siadsan ionainn fir agus mná atá lonrach le Críost, ár síocháin?”

[Aistrithe go Gaeilge ó The Sources of Taizé (2000) lch 60]

# FÁILTE A CHUR ROIMH DHAOINE EILE

## PAIDIR

A Íosa Críost,  
is mian linn fearadh na fáilte a chur  
roimh na deartháireacha agus na  
deirfiúracha atá linn.

Is eol duit a mhinice a mhothaímid  
nach dtig linn cuidiú leo agus iad  
ag fulaingt,

ach bíonn tú ann os ár gcomhair i  
gcónaí

agus is agatsa a bhíonn siad i do  
chomhbhá cheana féin.

Labhair leo trínár gcuid focal,  
tacaigh leo trínár ngíomhartha,

agus go raibh do bheannacht orainn  
go léir.



## CEISTEANNA

- Nuair a bhuaileann tú le daoine  
nua an gceapann siad go bhfuil tú  
“lonrach le Críost”?
- Agus muid ag guí le chéile le  
haghaidh aontacht níos dlúithe,  
cén bealach a léirimid fáilte  
Chríost roimh Chríostaithe eile?
- Cad é lena aghaidh a bhfuil ocras  
ar dhaoine i do phobal?

## IMIGH AGUS DÉAN

(féach [www.ctbi.org.uk/goanddo](http://www.ctbi.org.uk/goanddo))

**Domhanda:** Caith roinnt ama ag plé leis na scéalta nuachta timpeall an domhain inniu. Gníomhaigh dá réir mar fhreagairt ar an scéal is mó a théann i gcion ort ó thaobh na comhbhá de.

**Áitiúil:** Cuidigh ar bhealach ar bith le banc bia, le scéim fásta bia, nó le tionscnamh pobail béile i do cheantar.

**Pearsanta:** Smaoinigh agus déan amach cé hé ‘an duine eile’, dar leat féin. Cén dóigh a bhféadfá ceangal leis agus fáilte a chur roimhe an chéad uair eile a chasfar ar a chéile sibh?

# LÁ 7

*“Mise an fhíniúin, sibhse na géaga”*  
(Eoin 15:5a)

1 Corantaigh 1:10-13; 3:21-23

An amhlaidh atá Críost roinnte ina choda?


Eoin 17:20-23

Faoi mar atá tusa ionamsa agus mise ionatsa

## MACHNAMH

Ar an oíche roimh a bhás, ghuigh Íosa le go mbeadh aontacht idir na daoine a thug a Athair dó: “ionas go mba aon iad go léir ... i dtreo go gcreidfidh an saol”. É ceangailte leis, mar a bheadh craobh le fíniúin, roinnimid an sú céanna a théann thart timpeall inár measc agus a chuireann beocht agus brí ionainn.

Is mian le gach traidisiún muid a threorú go dtí croí ár gcreidimh: comaoin le Dia, trí Chríost, sa Spiorad. Dá mhéad a mhairimid sa chomaoin seo, is ea is mó an ceangal eadrainn féin, idir Críostaithe eile agus idir an cine daonna go léir. Tugann Pól rabhadh dúinn faoin mheon a bhagair aontacht na chéad Chríostaithe cheana féin: rud leithliseach a dhéanamh de do chreideamh féin agus díobháil a dhéanamh d’aontacht chorp Chríost dá bharr.



Cuireann toil Chríost muid ar bhealach na haontachta agus an athmhuintearais. Spreagann sé muid, chomh maith, ár nguí a chomhaontú lena ghuí féin: “ionas go mba aon iad go léir ... i dtreo go gcreidfidh an saol” (Eoin 17:21).

“Níor cheart riamh go nglacfa le scannal dheighilt na gCríostaithe, daoine a fhógraíonn go fonnmhar a ngrá dá gcomharsan, ach atá scartha fós. Bíodh aontacht chorp Chríost mar thosaíocht dhíograiseach agat.” [Aistrithe go Gaeilge ó *The Rule of Taizé* in French and English (2012) lch 13]

# AG FÁS MAR AON LE CHÉILE



## PAIDIR

A Spioraid Naoimh,  
a thine bheoite agus a anáil mhín, tar  
agus fan ionainn.  
Athnuaiigh ionainn an díograis chun  
aontachta  
le go mairfimid ar an eolas faoin  
nasc a aontaíonn le chéile ionat  
féin muid.  
Gach duine a chuir Críost uime/  
uimpi mar éide nuair a  
baisteadh é/í,  
go n-aontaí siad go léir le chéile agus  
go dtuga siad fianaise ar an dóchas  
a choinníonn beo iad.

## CEISTEANNA

- An nglacann tú le scannal dheighilt na gCríostaithe?
- Cén chuid de do thraidisiún féin atá beoga agus slánaithe, agus cad é a d'fhéadfá a fhoghlaim ó na gnéithe úd atá beoga agus slánaithe sna traidisiúin Chríostaí eile?
- Cén tionchar a d'fhéadfadh bheith ar an domhan dá mbeadh aontacht ní ba dhlúithe idir na heaglaisí?

## IMIGH AGUS DÉAN

(féach [www.ctbi.org.uk/goanddo](http://www.ctbi.org.uk/goanddo))

**Domhanda:** Cuir níos mó eolais ar ACT Alliance agus Caritas International agus déan ceiliúradh ar theacht le chéile na n-eagraíochtaí Críostaí chun claochlú a thabhairt i bhfeidhm timpeall an domhain.

**Áitiúil:** Le cuidiú ó éascaitheoir, reáchtáil comhrá (ann féin nó ar líne) ar théama aontacht na n-eaglaisí i do cheantar.

**Pearsanta:** Déan do mhachnamh agus gabh ort féin gníomh aontachta amháin a dhéanamh.

# LÁ 8

*“Chun go mbeadh mo lúcháir-sé ionaibh, agus go mbeadh bhur lúcháir-sé iomlán.”*

**(Eoin 15:11)**

Colosaigh 1:15-20      Is ann a choinnítear ar bun gach uile ní

Marcas 4:30-32      Chomh beag le síol mustaird

## MACHNAMH

San iomann chun Críost san eipistil chuig na Colosaigh, iarrtar orainn slánú Dé a mholadh, rud a chuimsíonn an chruinne go léir. Trí Chríost, a céasadh agus a d'aiséirigh, tá conair an athmhuintearais i ndiaidh oscailt; beatha agus síocháin atá i ndan don domhan mór.

Trí shúile an chreidimh, feicimid go bhfuil ríocht Dé ann. Tá sí an-ghar dúinn ach an-bheag fós, le feiceáil ar éigean – mar a bheadh síol mustaird ann. Tá sí ag fás, mar sin féin. Fiú agus cruatan sa saol seo, tá Spiorad an Té Aiséirithe i gceann oibre. Spreagann sé muid páirt a bheith againn – in éindí le lucht na deathola go léir – chun ceartas agus síocháin a iarraidh gan stad gan staonadh, agus lena chinntiú go mbeidh an domhan ina bhaile ag gach ní.

Bímid páirteach in obair an Spioraid le go leanfadh an domhan ina

iomláine de mholadh Dé. Nuair a fhulaingíonn an nádúr, nuair a bhasctar daoine daonna, iarrann Spiorad Chríost aiséirithe orainn páirt a ghlacadh ina chuid oibre cneasaithe, gan ligean dúinn an misneach a chailleadh.

Is léas dóchais do mhórán, dá cheilte í, úire na beatha a thugann Críost leis. Tá sí mar bhuntobar athmhuintearais don domhan ar fad agus tá áthas le fáil inti a thagann ó áit atá i bhfad tharainn féin: “chun go mbeadh mo lúcháir-sé ionaibh agus go mbeadh bhur lúcháir-sé iomlán.” (Eoin 15:11).

“An mian libh ceiliúradh a dhéanamh ar úire na beatha a thugann Críost dúinn tríd an Spiorad Naomh, agus ligean di fanacht ionaibh, inár measc, san eaglais, sa saol mór agus sa chruinne go léir?”

[An dara gealltanais a dhéantar i rith an mhóidgheallta sa Chuallacht Grandchamp]



## PAIDIR

A Dhia naofa faoi thrí, gabhaimid buíochas leat as ucht beatha agus grá a thabhairt dúinn.

Gabhaimid buíochas leat as tú bheith i láthair ionainn agus i ngach ní.

Go bhfoghlaímimid amharc ar an domhan seo mar a amharcann tú féin air go grámhar.

I ndóchas na físe seo, go raibhimid in ann bheith ag obair do dhomhan

ina mbeidh an ceartas agus an tsíocháin faoi rath is faoi bhláth, do ghlóire d'ainmse.

## CEISTEANNA

- Cén tslí a bhfógraíonn do shaol slánú Dé? Cén dearcadh ar Dhia a bheadh ag daoine eile ón tslí a gcaitheann tú do shaol féin?
- Cad é a d'fhéadfadh d'eaglais(i) agus do phobal a dhéanamh le chéile le go mbeadh an ceartas agus an tsíocháin faoi rath i do cheantarsa?
- Cén dóigh a dtugann d'eaglais nó do ghrúpa eaglaisí cúram don domhan a chruthaigh Dia? Cé na hathruithe – beag nó mór – a d'fhéadfá a dhéanamh chun an cúram sin a fheabhsú?

## IMIGH AGUS DÉAN

(féach [www.ctbi.org.uk/goanddo](http://www.ctbi.org.uk/goanddo))

**Domhanda:** Faigh amach faoin slabhra urnaí le haghaidh ceartas aeráide agus glac páirt ann.

**Áitiúil:** Téigh i mbun feachtais le haghaidh ceartas aeráide roimh chainteanna na Náisiún Aontaithe i nGlaschú 2021 ar an athrú aeráide.

**Pearsanta:** Gníomhaigh le haghaidh ceartas aeráide i do shaol féin.

# An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2021



[ctbi.org.uk/weekofprayer](http://ctbi.org.uk/weekofprayer)  
[weekofprayer.org](http://weekofprayer.org)

Twitter: [#wpcu2021](https://twitter.com/wpcu2021)  
[#wpcuwall](https://twitter.com/wpcuwall)



## **Foilsitheoiri:**

### **Churches Together in Britain and Ireland**

Interchurch House  
35 Lower Marsh  
London SE1 7RL  
[info@ctbi.org.uk](mailto:info@ctbi.org.uk),  
Fón: +44 (0)20 3794 2288

Uimh. Charthanachta cláraithe. 1113299.  
cuideachta faoi theorainn ráthaíochta,  
Uimh. Charthanachta cláraithe. 5661787